



## Preasráiteas

Lucsamburg, 5 Bealtaine 2022

# Gníomhaíochtaí iniúchóirí AE in 2021: tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh feidhmíocht na hEorpa a sheiceáil

Inniu, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) a tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí do 2021. Tugann an tuarascáil forléargas ar obair na Cúirte Iniúchóirí in 2021, agus cuireann sí faisnéis ar fáil faoi bhainistíocht na hinstitiúide, a foirne agus a cuid airgeadais, ag déanamh cur síos ar an gcaoi a lean 900 fostaí na Cúirte Iniúchóirí de thuarascálacha neamhspleácha agus oibiachtúla a sholáthar ar shaincheisteanna tábhachtacha do thodhchaí AE. Agus an-chuid dúshlán nach raibh na Ballstáit ag súil leo ann faoi láthair, tá ról tábhachtach ag CIE trí aird a tharraingt ar na gnéithe de ghníomhaíochtaí an Aontais a oibríonn go maith, agus trí aird a tharraingt ar ghnéithe a d'fhéadfaí a fheabhsú agus trí mholtaí a dhéanamh maidir le hathruithe substainteacha chun go mbeidh an tAontas in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach. Leis an obair sin, is féidir leis an Aontas cur leis na hiarrachtaí a rinne sé roimhe sin chun bainistíocht airgeadais a fheabhsú agus chun a áirithiú go dtugann caiteachas AE torthaí.

In 2021, lean iniúchóirí AE de bheith ag obair faoi theorainn na srianta taistil agus sláinte poiblí a bhain le COVID-19. Bhí srian mór fós lena gcumas iniúchtaí ar an bhfód a dhéanamh. Chuaigh siad in oiriúint don staid nua áfach, rinne siad athruithe tapa ar a modhanna oibre agus d'fhoghlaim siad go tapa conas uirlisí nua a úsáid le bheith in ann seirbhís iniúchóireachta poiblí éifeachtach a sholáthar san Aontas.

Mar thoradh air sin, tháinig iniúchóirí AE ar chonclúidí tráthúla agus fiúntacha agus rinne siad moltaí sonracha agus ábhartha. In 2021, d'éisigh CIE 55 fhoilseachán, lena n-áirítear 32 thuarascáil speisialta agus athbhreithniú a thug aghaidh ar an iliomad dúshlán atá roimh an Aontas ar fud réimsí éagsúla caiteachais agus beartais an Aontais. Phléigh na hiniúchóirí le saincheisteanna, lena n-áirítear an comhbheartas talmhaíochta (CBT) agus athrú aeráide, an prionsabal gurb é nó í údar an truaillithe a íocfaidh as, leictrea-shoghluaisteacht, an ghníomhaireacht cosanta teorann Frontex, comhar an Aontais le tíortha nach bhfuil san Aontas nuair a bhíonn imircigh neamhrialta á gcur ar ais, malartú faisnéise cánach, airgeadas inbhuanaithe, sciúradh airgid agus bréagaisnéis. D'éisigh siad dhá thuarascáil a bhaineann le COVID-19 freisin: athbhreithniú ar fhreagairt an Aontais i leith na sláinte poiblí agus iniúchadh ar chearta aerphaisinéirí le linn na paindéime.

Tá an téacs iomlán den tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí ar fáil ag [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu).

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)

Is gné bhunriachtanach de shlabhra cuntasachta an Aontais iad foilseacháin na Cúirte Iniúcháirí – tuarascálacha iniúcháireachta, athbhreithnithe agus tuairimí. Cabhraíonn siad le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle faireachán agus grinnscrúdú a dhéanamh ar ghnóthú chuspóirí beartais an Aontais agus eintitis atá freagrach as bainistiú bhuiséad an Aontais a thabhairt chun cuntais, an Coimisiún Eorpach go príomha.

*“Cé nach bhfuil paidéim COVID-19 curtha dinn fós againn, bhuail géarchéim uafásach eile teorainneacha AE go tobann” a dúirt Uachtarán CIE, Klaus-Heiner Lehne. “Tréimhse dhorcha atá anseo don Eoraip. Anois níos mó ná riamh, ní mór do AE aontacht a léiriú agus beart a dhéanamh. Tá misean Chúirt Iniúcháirí na hEorpa níos tábhachtaí ná mar a bhí sé riamh: á mheabhúrú sin dúinn, leanfaimid dár n-iarachtaí an breisluach maidir le gníomhaíochtaí AE a mheasúnú.”*

I gclár oibre CIE 2022+, a foilsíodh i mí na Nollag 2021, cuirtear béim ar thosaíochtaí iniúcháireachta na Cúirte do na blianta seo amach romhainn agus tugtar mionsonraí i dtaobh 79 dtuarascáil speisialta agus athbhreithniú a fhoilseofar. Leagtar amach ann na ceithre phríomhréimse straitéiseacha: iomaíochas eacnamaíoch an Aontais; teacht aniar ó bhagairtí ar shlándáil an Aontais agus urraim do luachanna Eorpacha na saoirse, an daonlathais agus an smachta reachta; an t-athrú aeráide, an comhshaol agus acmhainní nádúrtha; agus beartais fhioscacha agus an t-airgeadas poiblí san Aontas. Pléifidh sé cinn déag de na tuarascálacha seo freagairt AE ar COVID-19, amhail vacsaíní a sholáthar, agus sraith iniúcháireachtaí maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (an tionscnamh ar a dtugtar “NextGenerationEU”) a bunaíodh chun cabhrú leis an Eoraip dul i ngleic le hiarmhairtí na paidéime.

### Faisnéis chúlra

Is é CIE institiúid iniúcháireachta seachtraí neamhspleách an Aontais. Tá sé bunaithe i Lucsamburg agus tá sé ag feidhmiú ó 1977. Fostaíonn sé thart ar 900 duine as gach náisiúntacht den Aontas. In 2021, d’earcaigh CIE 80 fostaí nua agus chuir sé 56 intéirneacht ar fáil do chéimithe ollscoile, a mhair idir trí agus cúig mhí. Is mná iad thart ar leath dá bhaill foirne. Bhí buiséad CIE in 2021 ag thart ar €153.7 milliún, méid atá níos lú ná 0.1 % de chaiteachas iomlán an Aontais, agus thart ar 1.5 % de chaiteachas riaracháin an Aontais.

Tá CIE ann chun:

- a chinntiú go bhfuil cuntais chuí á gcoinneáil ag an Aontas, go bhfuil na rialacha airgeadais á gcur i bhfeidhm i gceart aige, agus go gcomhlíonann beartais agus cláir AE na cuspóirí atá beartaithe leo agus go gcuireann siad luach ar airgead ar fáil;
- cabhrú leis an mbainistiú airgeadais a dhéantar san Aontas a fheabhsú, chomh maith leis an gcuntasacht agus an trédhearcacht a chur chun cinn;
- rabhadh a thabhairt i dtaobh rioscaí, dearbhú a sholáthar, easnaimh agus scéalta rathúla a chur in iúl, agus treorú a thabhairt do lucht déanta beartais agus reachtóirí an Aontais Eorpaigh;
- a bharúlacha agus a mholtaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus na rialtas agus parlaimintí náisiúnta, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne.

Tá an tuarascáil maidir le gníomhaíochta 2021 ón gCúirt Iniúcháirí ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE ([eca.europa.eu](http://eca.europa.eu)) in 24 theanga.

Tugtar cuntas iomlán sa tuarascáil maidir le gníomhaíochtaí ar iniúchtaí agus foilseacháin na Cúirte, ar na seiceálacha a rinne sí i mBallstáit agus tíortha eile nach bhfuil san Aontas agus ar rannpháirtíocht lena príomh-gheallsealbhóirí in 2021. Cuireann an tuarascáil sin faisnéis thábhachtach ar fáil faoi fhoireann, rialachas agus airgeadais CIE freisin.

**Teagmháil phreasa**

Preasoifig Chúirt Iníúcháirí na hEorpa: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Vincent Bourgeois: [vincent.bourgeois@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeois@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 691 553 547